CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS AGUS CEARTA TOMHALTÓIRÍ



curia.europa.eu

# RÉAMHRÁ

Ó 1952 i leith, tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ag áirithiú go n urramaítear dlí an Aontais agus go gcuirtear é i bhfeidhm i gceart sna Ballstáit. Thar na blianta, tá breithiúnais tugtha aici lena dtreisítear lánpháirtiú na hEorpa agus lena mbronntar cearta atá de shíor níos fairsinge ar shaoránaigh agus ar thomhaltóirí go háirithe. Tugtar cuntas sna leathanaigh seo ar rogha breithiúnas iomráiteach de chuid na Cúirte arna rangú ar bhonn téamach.

I ngach ceann de na cásanna a luaitear sa bhróisiúr seo, ní hí an Chúirt féin a chruthaigh na cearta faoi thrácht; ba ó rialacháin nó treoracha an Aontais a ndearna sí iad a asbheirt nó a shoiléiriú.



# TÁIRGÍ BIA AGUS DEOCHANNA



istock.com / shironosov

**Sa lá atá inniu ann, is ceist an tábhachtach do thomhaltóirí é an cothú, agus tomhaltóirí ag iarraidh eolas ceart a bheith acu faoin mbia agus faoi na deochanna a cheannaíonn siad agus iad ag éirí níos feasaí faoin tábhacht a bhaineann le réim chothrom bia.**



# TÁIRGÍ BIA AGUS DEOCHANNA



## Ceanglais lipéadaithe ar phacáistíocht

In 2015, dhearbhaigh an Chúirt nach mór eolas ceart, neodrach agus oibiachtúil a bheith ar fáil do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, má thugtar le fios le pacáiste táirge go bhfuil comhábhar áirithe i dtáirge, ach, i ndáiríre, nach bhfuil an comhábhar sin ann, d'fhéadfaí an tomhaltóir a chur amú, fiú má tá liosta na gcomhábhar i gceart. B'amhlaidh an cás maidir le tae torthaí ar taispeánadh sútha craobh agus bláthanna fanaile ar a phacáiste, d'ainneoin nach raibh aon chomhábhar nádúrtha súanna craobh ná bláth fanaile ann (breithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *Teekanne*, C-195/14).

Thairis sin, ní mór do mhéid an tsóidiam a luaitear ar phacáistiú buidéal uisce mianraí an méid iomlán sóidiam a léiriú ina fhoirmeacha go léir (salann mín agus décharbónáit sóidiam). D'fhéadfaí an tomhaltóir a chur amú dá gcuirfí uisce mianraí i láthair mar a bheith ar bheagán salainn, d'ainneoin go bhfuil leibhéal ard décharbónáite sóidiam ann (breithiúnas an 17 Nollaig 2015, *Neptune Distribution*, C-157/14).




## TÁIRGÍ BIA AGUS DEOCHANNA

*iStock.com / CatLane*

## Maímh maidir le sláinte agus ainmniúcháin

In 2017, chinn an Chúirt go raibh an ceart ag an gCoimisiún nuair a dhiúltaigh sé cead a thabhairt i leith maímh áirithe sláinte a úsáid agus glúcós á mhargú, amhail "tá baint ag glúcós le meitibileacht normálta fuinnimh" nó "tacaíonn glúcós le gníomhaíocht choirp normálta". Is amhlaidh go gcuirtear tomhaltas siúcra chun cinn le maímh den sórt sin, rud atá contráilte le prionsabail sláinte agus chothaitheacha a nglactar leo go ginearálta (breithiúnas an 8 Meitheamh 2017, *Dextro Energy v an Coimisiún*, C-296/16 P).

Ina theannta sin, ní féidir táirgí atá déanta de phlandaí amháin a mhargú, i bprionsabal, faoi ainmneacha amhail "bainne", "uachtar", "im", "cáis" nó "iógairt", ainmneacha atá coimeádta do tháirgí de bhunús ainmhíoch go príomha. Dá bhrí sin, ní féidir le cuideachta úsáid a bhaint as na hainmneacha "bainne soighe", "im tófú" nó "cáis planda", ach tá eisceachtaí áirithe ann arna leagan síos i reachtaíocht an Aontais, amhail, mar shampla, "uachtar ríse" (breithiúnas an 14 Meitheamh 2017, *Tofu Town.com*, C-422/16).



## CLEACHTAIS TRÁCHTÁLA ÉAGÓRACHA

istock.com / Ivan Marjanovic

**Toirmisctear le dlí an Aontais cleachtais tráchtála éagóracha, mhíthreoracha agus ionsaitheacha ar dóigh dóibh iompar eacnamaíoch tomhaltóirí a shaobhadh. Tá cásdlí fairsing forbartha ag an gCúirt ar an ábhar sin, a luaitear roinnt samplaí de thíos.**



# CLEACHTAIS TRÁCHTÁLA ÉAGÓRACHA

istock.com / alan64

## Tairiscintí cuachta

Ní féidir leis na Ballstáit toirmeasc glan a chur ar thairiscintí cuachta ó dhíoltóir le tomhaltóir (amhail, mar shampla, stáisiún peitril a thairgeann seirbhísí cliseadh meicniúil saor in aisce ar feadh trí seachtaine má cheannaítear 25 lítear breosla ar a laghad). Ní féidir tairiscintí cuachta a mheas, i ngach cúinse, mar chleachtais tráchtála éagóracha (breithiúnas an 23 Aibreán 2009, *VTB-VAB agus Galatea*, C-261/07 agus C-299/07).

Ní cleachtas tráchtála éagórach inti féin í tairscint chuachta ina ndíoltar ríomhaire le bogearraí réamhshuiteáilte. Ina theannta sin, ní féidir a mheas gur cleachtas tráchtála míthreorach é mura gcuirtear praghas gach ríomhchláir réamhshuiteáilte in iúl, ós rud é nach eolas ábhartha don tomhaltóir é praghas na ríomhchlár éagsúil (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2016, *Deroo-Blanquart*, C-310/15).



# CLEACHTAIS TRÁCHTÁLA ÉAGÓRACHA

istock.com / Eetum

## Cleachtais tráchtála ionsaitheacha agus míthreoracha

Toirmisctear cleachtais ionsaitheacha trádálaithe lena dtugtar le tuiscint go bréagach don tomhaltóir gur bhuaigh sé duais, cé gurb amhlaidh go bhfuil air costas áirithe a íoc chun an duais sin a fháil. Is amhlaidh an cás go háirithe le bolscaireacht lena dtugtar le tuiscint don tomhaltóir gur bhuaigh sé crús, ach chun an duais sin a fháil ní mór dó íoc as árachas, táille bhreise chábáin agus, le linn an turais, an costas bia agus dí, chomh maith leis na táillí calafoirt (breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2012, *Purely Creative*, C-428/11).

Is féidir le cistí sláinte reachtúla a bheith faoi dhliteanas i leith cleachtais tráchtála éagóracha chomh maith. Dá bhrí sin, is cleachtas míthreorach é i gcás ina dtugann ciste árachais sláinte le fios dá bhaill go bhféadfadh siad a bheith faoi mhíbhuntáiste ó thaobh airgid de má athraíonn siad go ciste eile (breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs*, C-59/12).

Ar deireadh, ní mór don chostas chun glaoch ar uimhir theileafóin iardhíola gan a bheith níos airde ná an costas ar ghnáthghlaoch, nó bheadh sin ina chleachtas tráchtála éagórach (breithiúnas an 2 Márta 2017, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main*, C-568/15).



# POSTDÍOLACHÁIN

istock.com / Bilgehan Tuzcu

**Sa ré dhigiteach, tá postdíolacháin tagtha chun bheith ina n-idirbheart coitianta sa saol laethúil. Shoiléirigh an Chúirt, roinnt uaireanta, na cearta atá ag tomhaltóirí i gcomhthéacs conarthaí díolacháin den sórt sin.**

Ní ceadmhach an costas chun earraí a sheachadadh a ghearradh ar thomhaltóir i gcás ina bhfeidhmíonn sé a cheart chun tarraingt siar (ceart a chaithfear a fheidhmiú laistigh de thréimhse seacht lá oibre ar a laghad ón dáta díolacháin). Is féidir an costas chun na hearraí a chur ar ais, áfach, a ghearradh ar an tomhaltóir (breithiúnas an 15 Aibreán 2010, *Heinrich Heine*, C-511/08).

Ina theannta sin, ní gá do thomhaltóir a fheidhmíonn a cheart chun tarraingt siar an díoltóir a chúiteamh as úsáid na n earraí, ach amháin i gcás inar bhain sé úsáid as na hearraí sin ar bhealach míréasúnta. Bhainfí d'éifeachtúlacht an chirt chun tarraingt siar dá mbeadh ar an tomhaltóir cúiteamh a íoc de bharr gur scrúdaigh sé na hearraí a fuair sé trí phostdíolachán agus gur bhain sé triail astu, agus dá bharr sin amháin (breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2009, *Pia Messner*, C-489/07).



# EARRAÍ LOCHTACHA

istock.com / af_istocker

## Bhí an deis ag an gCúirt freisin soiléiriú a thabhairt ar na cearta atá ag tomhaltóirí i gcás ina maíonn siad gur seachadadh earra lochtach chugaibh.

In 2015, dhearbhaigh an Chúirt go bhfuil toimhde ann go raibh aon easpa comhréireachta a thagann chun cinn laistigh de thréimhse sé mhí ó sheachadadh earraí ann uair an tseachadta. Dá bhrí sin, cé gur faoin tomhaltóir atá sé a chruthú go bhfuil easpa comhréireachta ann agus gur tháinig an easpa sin chun cinn laistigh de thréimhse sé mhí, ní gá dó cúis na heaspa comhréireachta sin a léiriú agus ní gá dó a shuíomh go bhfuil tionscnamh na heaspa sin inchurtha i leith an díoltóra (breithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *Froukje Faber*, C-497/13).

Má thugtar earraí nua in áit earraí lochtacha, ní gá don tomhaltóir cúiteamh a íoc leis an díoltóir i leith úsáid na n earraí lochtacha (breithiúnas an 17 Aibreán 2008, *Quelle*, C-404/06). Ina theannta sin, ní foláir don díoltóir na hearraí lochtacha a bhailiú agus na hearraí athsholáthair a shuiteáil, nó ní mór dó na costais riachtanacha a bhaineann leis an méid sin a sheasamh (breithiúnas an 16 Meitheamh 2011, *Gebr. Weber agus Putz*, C-65/09 agus C 87/09).

Ar deireadh, in éagmais comhaontú eolaíoch, is féidir locht i vaicsín agus nasc cúisíoch idir an locht sin agus galar a shuíomh trí chruthúnas trom, sonrach agus comhsheasmhach, amhail neasacht ama idir an vaicsín a thabhairt agus an galar a theacht chun cinn, gan aon stair liachta phearsanta nó teaghlaigh den ghalar a bheith ag an duine a fuair an vaicsín agus líon suntasach cásanna tuairiscithe (breithiúnas an 21 Meitheamh 2017, *W e. a.* C-621/15).



# CONARTHAÍ ÁRACHAIS

istock.com / artoleshko

**Is gné sár riachtanach de shaol an lae inniu iad conarthaí árachais. Ar an ábhar sin freisin, iarradh ar an gCúirt na rialacha maidir leis na conarthaí sin a shoiléiriú.**

In 2011, chinn an Chúirt go ndéantar idirdhealú i gcás ina gcuirtear inscne an duine aonair faoi árachas san áireamh mar fhachtóir riosca i gconarthaí árachais. Is é sin an chúis a bhfuil préimheanna agus sochair gan idirdhealú inscne i bhfeidhm san Aontas Eorpach ón 21 Nollaig 2012 ar aghaidh (breithiúnas an 1 Márta 2011, *Association belge des consommateurs Test-Achats e. a.*, C-236/09).

Ní mór feidhmiú na socruithe árachais a leagan síos go trédhearcach, i bhfriotal simplí agus intuigthe chun an tomhaltóir lena mbaineann a chumasú chun na hiarmhairtí eacnamaíocha lena mbaineann a mheasúnú (breithiúnas an 23 Aibreánm 2015, *Jean-Claude Van Hove*, C-96/14).

Ar deireadh, ní féidir le duine atá ag díol aerthaistil árachas maidir le "eitilt a chur ar ceal" a chuimsiú i bpraghas an ticéid mar réamhshocrú. Is táille bhreise roghnach é árachas amhail sin, nach mór a chur in iúl ar bhealach soiléir ag tús gach próisis áirithinte, agus is ar bhonn "rogha a bheith páirteach" a chaithfidh an custaiméir glacadh leis (breithiúnas an 19 Iúil 2012, *ebooker.com Deutschland*, C-112/11).



# DÍOL Ó DHORAS GO DORAS

*istock.com / KatarzynaBialasiewicz*

**Cosnaítear le dlí an Aontais freisin cearta tomhaltóirí a chuireann conarthaí i gcrích i gcomhthéacs díol ó dhoras go doras. Thug an Chúirt Bhreithiúnais rialú ar neart cásanna sa réimse seo, go háirithe i ndáil leis an gceart, d'aon tomhaltóir, conradh a chur ar ceal laistigh de sheacht lá ó chuirtear i gcrích é.**

Ní chailleann tomhaltóir a dhéanann comhaontú iasachta i gcomhthéacs díol ó dhoras go doras a cheart chun cur ar ceal mura n insítear dó faoin gceart sin. Dá bhrí sin, is féidir le tomhaltóir a fhaigheann amach, cúig bliana níos déanaí, go raibh an ceart chun cur ar ceal aige, nár inis an banc dó faoi tráth a cuireadh an conradh i gcrích, an ceart sin a fheidhmiú (breithiúnas an 13 Nollaig 2001, *Heininger*, C-481/99).

Ar an gcaoi céanna, mura gcuireann banc in iúl don tomhaltóir an ceart atá aige chun comhaontú iasachta a chur ar ceal i gcomhthéacs díol ó dhoras go doras, ní mór don bhanc sin na rioscaí a théann leis an scéim infheistíochta lena mbaineann a iompar (breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2005, *Schulte*, C-350/03 agus C-229/04).



## TÉARMAÍ ÉAGÓRACHA

istock.com / BernardaSv

**Foráiltear le treoir de chuid dhlí an Aontais nach bhfuil tomhaltóirí faoi réir téarmaí éagóracha i gconradh arna chur i gcrích le díoltóir nó soláthróir. Thug an Chúirt Bhreithiúnais rialú ar neart cásanna sa réimse seo agus shoiléirigh sí raon feidhme fhorálacha na treorach sin.**

I dtosach báire, shoiléirigh an Chúirt go bhfuil ceanglas ar chúirteanna náisiúnta scrúdú a dhéanamh, as a stuaim féin, cé acu an féidir go bhfuil téarma conartha éagórach. Ní cheadaítear faoin riail sin, a bhfuil feidhm aici i leith imeachtaí dócmhainneachta freisin, do na cúirteanna ábhar an téarma sin a leasú; ní féidir leo ach gan an téarma sin a chur i bhfeidhm (breithiúnais an 4 Meitheamh 2009, *Pannon GSM*, C 243/08; an 21 Aibreán 2016, *Radlinger agus Radlingerová*, C-377/14; an 14 Meitheamh 2012, *Banco Español de Crédito*, C-618/10).

Ina theannta sin, ní féidir srianta ama a chur i bhfeidhm ar iarmhairtí na neamhbhailíochta de chuid “clásail íosráta ríofa” (clásail lena n éilítear ar an tomhaltóir íosmhéid úis a íoc) atá áirithe i gconarthaí iasachta morgáiste arna gcur i gcrích le tomhaltóirí (breithiúnas an 21 Nollaig 2016, *Gutiérrez Naranjo*, C-154/15, C-307/15 agus C-308/15). Ar deireadh, i gcás ina ndeonaíonn institiúid airgeadais iasacht in airgeadra eachtrach, ní foláir dó eolas dóthanach a chur ar fáil don iasachtaí chun go bhféadfaidh sé cinneadh eolach agus stuama a dhéanamh (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *Andriciuc e.a.*, C-186/16).



istock.com / Sushiman

CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

An Stiúrthóireacht um Chumarsáid
An tAonad Foilseacháin agus Meán Leictreonach

Mí na Samhna 2021

istock.com

Priontáilte ar pháipéar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol

QD-05-17-118-GA-N ISBN 978-92-829-3725-9 DOI 10.2862/381465